Uimhir 14 *de* 2016

AN tACHT UM ÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Deontais don Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

2. Gearrtheideal agus comhlua

[*Uimh.* **14.**] *An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú),* [2016.]
2016

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú), 2011 (Uimh. 33)

An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 (Uimh. 10)

Na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 2011

Uimhir 14 *de* 2016

AN tACHT UM ÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú alt 24 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003.

[16 *Samhain* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Deontais don Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

1. Leasaítear an tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 24 (arna leasú leis an Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú), 2011):

"**24.** (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire a airleacan chun an Údaráis as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(2) Ní mó ná €300,000,000 comhiomlán an airgid arna airleacan faoi fho-alt (1) i ndáil le caiteachas caipitiúil ar thionscadail nó ar fhiontair lena mbaineann alt 8(1)(e).".

Gearrtheideal agus comhlua

2. (1) Féadfar an tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 2016 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 2011 le chéile.